Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5177/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0003(NLE)**

**TRANS 2**
**COWEB 1**
**ELARG 3**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Eanáir 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 7 final annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 7 final annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.1.2026
COM(2026) 7 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le hathruithe áirithe ar na rialacha maidir le tuarastail foirne Bhuan-Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair**

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**DRÉACHTHINNEADH Uimh. 2026/…**

**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH**

**AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Uimh. 2019/3 ó Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair an 5 Meitheamh 2019**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 30 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Leagtar amach an scála tuarastail a chomhfhreagraíonn d'aicmiú na bpost sa Rúnaíocht san Fhoscríbhinn a ghabhann leis na Rialacháin Foirne sin.

(2) Luaitear i Roinn 9.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 gur cheart don Choiste Stiúrtha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an scála tuarastail a chomhfhreagraíonn d'aicmiú post sa Rúnaíocht chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith iomaíoch agus i gcomhréir le ceanglais na Rúnaíochta.

(3) Níor tháinig aon athrú ar an scála tuarastail dá bhforáiltear san Fhoscríbhinn a ghabhann leis na Rialacháin Foirne ó glacadh é i mí an Mheithimh 2019. Dá bhrí sin, ba cheart tuarastail na mball foirne uile a mhéadú faoi 20 % an 1 Eanáir 2026. Ba cheart an méadú sin a léiriú freisin sa tábla 'Tuarastail mhíosúla tháscacha bhaill foirne na Rúnaíochta' i bhFoscríbhinn d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Don tréimhse tar éis 2026, ba cheart innéacsú tuarastail bliantúil a bheith ann, a bheidh ar siúl den chéad uair an 1 Eanáir 2027.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh an t-innéacsú tuarastail bliantúil ag teacht le timthriall glactha bliantúil bhuiséad an Chomhphobail Iompair, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an chinnidh atá beartaithe ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

**Airteagal 1**

I Roinn 9.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach, cuirtear na pointí seo a leanas léi:

‘(c) An 1 Eanáir 2027 agus go bliantúil ina dhiaidh sin, déanfar an ghreille thuarastail san Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 a choigeartú i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí bliantúil oifigiúil, arna fhoilsiú ag údarás staidrimh ábhartha Phoblacht na Seirbia le haghaidh na bliana roimhe sin. Déanfar tuarastail na mball foirne uile a athbhreithniú go huathoibríoch trí úsáid a bhaint as an gcéatadán comhfhreagrach. Cuirfear an t-innéacsú tuarastail bliantúil chun feidhme go huathoibríoch mura gcinnfidh an Coiste Stiúrtha a mhalairt bunaithe ar imthosca eacnamaíocha eisceachtúla.’

**Airteagal 2**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Foscríbhinne d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 2019/3 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach:

Tuarastail mhíosúla tháscacha bhaill foirne na Rúnaíochta

| Post | Tuarastal míosúil in euro (íosta/uasta) |
|---|---|
| 1. Stiúrthóir | 9 600 - 12 000 |
| 2. Leas Stiúrthóir | 7 200 - 8 400 |
| 3. Ceann Roinne | 6 600 - 7 440 |
| 4. Saineolaithe (Comhordaitheoirí, Oifigigh Deisce, Oifigigh) | 5 400 - 6 000 |
| 5. Cúntóirí | 2 400 - 3 000 |

’

**Airteagal 3**

An 1 Eanáir 2026, méadófar tuarastail na mball foirne uile faoi 20 %.

**Airteagal 4**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Arna dhéanamh i/in/sa […], an […] 2026

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*